Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Nollaig 2021
(OR. en)

14742/21

JAI 1360
MIGR 270
ASIM 100
RELEX 1068
VISA 245
FIN 966

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 9 Nollaig 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14199/21 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 17/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *'EU readmission cooperation with third countries: relevant actions yielded limited results'* [Comhar an Aontais le tríú tíortha maidir le hathligean isteach: ba theoranta na torthaí a tháinig as na gníomhaíochta ábhartha a rinneadh]<br>– *Conclúidí ón gComhairle (an 9 Nollaig 2021)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 17/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa i ndáil le *EU readmission cooperation with third countries: relevant actions yielded limited results* [Comhar an Aontais le tríú tíortha maidir le hathligean isteach: ba theoranta na torthaí a tháinig as na gníomhaíochta ábhartha a rinneadh], a d'fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ag an 3837ú cruinniú a bhí aici an 9 Nollaig 2021.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 17/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *EU readmission cooperation with third countries: relevant actions yielded limited results* [Comhar an Aontais le tríú tíortha maidir le hathligean isteach: ba theoranta na torthaí a tháinig as na gníomhaíochta ábhartha a rinneadh]**

**- Conclúidí ón gComhairle -**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. GABHANN SÍ BUÍOCHAS LE Cúirt Iniúchóirí na hEorpa as Tuarascáil Speisialta Uimh. 17/2021 maidir le 'comhar an Aontais le tríú tíortha maidir le hathligean isteach: bhí torthaí teoranta mar thoradh ar ghníomhaíochtaí ábhartha';

2. AONTAÍONN SÍ go bhfuil an deacracht agus an chastacht a bhaineann le comhar le tíortha tionscnaimh agus idirthurais na n-imirceach ar cheann de na cúiseanna le líon íseal na n-imirceach neamhrialta a chuirtear ar ais agus, dá bhrí sin, MEASANN SÍ gur rannchuidiú úsáideach é an Tuarascáil Speisialta le machnamh a dhéanamh ar an mbealach a bhféadfaí feabhas a chur ar an gcomhar um athligean isteach le tríú tíortha;

3. ADMHAÍONN SÍ conclúidí agus moltaí na Tuarascála Speisialta, ina scrúdaítear an comhar um athligean isteach le linn na tréimhse 2015-2020 le 10 tríú tír ag a bhfuil an dearbhlíon is airde d'imircigh neamhrialta nár cuireadh ar ais[1];

4. Tugann sí dá haire na buntáistí a bhaineann le cur chuige níos solúbtha a shaothrú, i gcás inarb iomchuí, go háirithe agus comhaontuithe um athligean isteach á gcaibidliú.

5. AONTAÍONN SÍ gur cheart sineirgí a chruthú idir an tAontas Eorpach agus na Ballstáit chun caibidlíocht um athligean isteach a éascú;

[1] Ríomh bunaithe ar an tréimhse idir 2014 agus 2018

6. TACAÍONN SÍ le tuairim na Cúirte maidir leis an ríthábhacht a bhaineann le cur chuige Fhoireann na hEorpa agus le labhairt d'aon ghuth le tríú tíortha;

7. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé na dreasachtaí agus na giarála dearfacha agus diúltacha atá riachtanach a chruthú agus a chur i bhfeidhm le go bhféadfaidh tríú tíortha dul i gcomhar le chéile maidir le hathligean isteach, agus a thábhachtaí atá sé raon leathan beartas agus uirlisí a chur i bhfeidhm tar éis breithniú cúramach a dhéanamh agus inniúlachtaí náisiúnta á n-urramú go hiomlán.

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE GO CUÍ an tábhacht a bhaineann le filleadh sábháilte, díniteach agus ath-imeascadh inbhuanaithe agus tacaíocht forbartha acmhainní do na tíortha tionscnaimh, lena n-áirithítear a rannpháirtíocht ghníomhach.

9. AONTAÍONN SÍ gur cheart cáilíocht agus inchomparáideacht na sonraí maidir le filleadh agus athligean isteach a fheabhsú ar fud na mBallstát;

10. IARRANN SÍ ar Chúirt Iniúchóirí na hEorpa an Chomhairle a choinneáil ar an eolas faoi thuarascálacha iniúchóireachta a bheidh ann amach anseo maidir leis na saincheisteanna céanna nó saincheisteanna eile a bhaineann le filleadh.